**RABHADH**

**CAITHFEAR an Ceistpháipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabha(i)r ag deireadh an Scrúdaithe, nó caillfear marcanna.**

**Scríobh do Scrúduimhir anseo ⇒**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2011**

**DÉ CÉADAOIN, 22 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 12.00**

# EACNAMAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

Freagair **sé** cheist as Roinn A agus **ceithre** cheist as Roinn B.
Tabharfar creidiúint as freagairt shoiléir ghonta agus as ord slachtmhar a bheith ar an ábhar.

## ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna cuí.

## ROINN B (300 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná scríobh** freagraí Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 mharc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**Don Scrúdaitheoir amháin**

| Ceist | Marc |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| Iomlán | |

**NÁ DEARMAD AN CEISTPHÁIPÉAR SEO A THABHAIRT AR AIS LEIS AN/NA (bh)FREAGARLEABHA(I)R A ÚSÁIDEADH CHUN NA CEISTEANNA I ROINN B A FHREAGAIRT**

# ROINN A (100 marc)

Freagair **sé** cinn de na **naoi** gceist le freagraí gearra sna spásanna atá ann dóibh.

**1.** Luaigh **ceithre** chéim atá ag baint le hInnéacs Praghsanna Tomhaltais (*CPI* i mBéarla) a chur i dtoll a chéile.

**Céim 1**______________________________

**Céim 2**______________________________

**Céim 3**______________________________

**Céim 4**______________________________

**(16 mharc)**

**2.** Sainmhínigh an téarma <u>geilleagar measctha</u>. Luaigh **dhá** shampla de ghníomhaíocht eacnamaíoch a thugann tacaíocht don tuairim gur geilleagar measctha é geilleagar na hÉireann.

**Sainmhíniú:** ______________________________

______________________________

**Sampla 1:** ______________________________

**Sampla 2**: ______________________________

**(16 mharc)**

**3.** Ainmnigh an struchtúr margaidh (Iomaíocht Fhoirfe, Iomaíocht Neamhfhoirfe nó Monaplacht) is mó is dócha lena mbaineann gach ráiteas díobh seo thíos:

| | **RÁITEAS** | **STRUCHÚR MARGAIDH** |
|---|---|---|
| (i) | Tá cuar éilimh an ghnólachta lánleaisteach. | |
| (ii) | Is táirge ar leith é an t-earra a chuireann an gnólacht ar fáil. | |
| (iii) | D'fhéadfaí bialanna a áireamh mar shamplaí den struchtúr margaidh seo. | |
| (iv) | Tá meánchostais an ghnólachta chomh híseal agus is féidir. | |

**(16 mharc)**

**4.** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** réimse freagrachta a bhíonn faoi chúram Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (*NTMA*).

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(16 mharc)**

**5.** Sainmhínigh an téarma <u>soghluaisteacht ghairme an lucht saothair</u>. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thoisc atá in ann tionchar a imirt uirthi.

**Sainmhíniú:** ______________________________

______________________________

**Toisc 1:** ______________________________

**Toisc 2:** ______________________________

**(16 mharc)**

**6.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** iarmhairt eacnamaíochta do gheilleagar na hÉireann dá dtitfeadh luach an euro (€) i gcoibhneas le dollar Mheiriceá ($).

**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**(17 marc)**

**7.** Luaigh **trí** chúis a bhfuil gnólachtaí ilnáisiúnta ag athlonnú i dtíortha in Oirdheisceart na hÁise mar Vítneam, an Indinéis agus an Téalainn.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(17 marc)**

**8.** Ceannaíonn tomhaltóir 20 aonad d'Earra A nuair a chosnaíonn Earra B €8. Nuair a ardaíonn praghas Earra B go €10 (fad is a fhanann praghas Earra A gan athrú) ceannaíonn an tomhaltóir 12 aonad d'Earra A.
Bain úsáid as foirmle chuí agus ríomh trasleaisteachas an éilimh don tomhaltóir seo ar Earra A. (Taispeáin do chuid oibre.)

OIBRITHE:

**Freagra:**

______________________________

An bhfuil Earra A ina earra ionaid, nó ina earra comhlántach, d'Earra B? Mínigh an freagra.

______________________________

______________________________

**(17 marc)**

**9.** I Meán Fómhair 2010 bhí timpeall is 5.1% de chuntais mhorgáiste **i riaráistí** (bhí íocaíochtaí morgáiste gan íoc) de thréimhse 90 lá nó níos mó. Tabhair breac-chuntas ar **dhá chúis** eacnamaíocha leis sin agus ar **dhá ghníomh** a d'fhéadfadh na hinstitiúidí airgeadais a dhéanamh chun cabhrú le custaiméirí morgáiste.

**Cúiseanna:**

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**Gníomhartha:**

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(17 marc)**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***

# ROINN B (300 marc)

Freagair **ceithre** cheist.
Scríobh na freagraí i do fhreagarleabha(i)r.
**Ná scríobh** freagraí Roinn B ar an gceistpháipéar seo.
Tá na ceisteanna ar fad ar aon mharc (75 mharc).
Tabhair faoi deara go bhfuil fo-ranna sna ceisteanna.

**1.** **(a)** (i) Sainmhínigh na téarmaí eacnamaíochta a leanas: **éileamh duine (tomhaltóra) aonair; éileamh an mhargaidh.**

(ii) Mínigh, le cúnamh léaráidí maille le lipéid, an gaol idir éileamh duine (tomhaltóra) aonair agus éileamh an mhargaidh. *(20)*

**(b)** (i) Déan idirdhealú idir bhríonna eacnamaíochta na dtéarmaí 'gluaiseacht ar feadh chuar an éilimh' agus 'athrú ar chuar an éilimh' ar thicéid i gcomhair ceolchoirme. Léirigh do fhreagra le cúnamh léaráidí.

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** thoisc ba chúis le hathrú ar chuar an éilimh ar thicéid i gcomhair ceolchoirme. I **ngach** cás, mínigh conas a théann an toisc i bhfeidhm ar chuar an éilimh**.**

*(30)*

**(c)** De réir mar a dhéantar a thuilleadh de tháirge a thomhailt, dar le Dlí na hÁirgiúlachta Imeallaí Laghdaithí, is amhlaidh is lú sa deireadh an áirgiúlacht bhreise (áirgiúlacht imeallach) a sholáthraíonn gach aonad breise den earra.

(i) Mínigh **dhá** bhonn tuisceana a ghabhann le Dlí na hÁirgiúlachta Imeallaí Laghdaithí.

Ceannaíonn tomhaltóir atá i gcothromaíocht 6 bharra dea-shláinte ar €0.80 an ceann agus 9 gcartán sú ar €1.50 an ceann. Is é áirgiúlacht imeallach an 6ú barra dea-shláinte ná 40 *utils*.

(ii) Bain úsáid as an b**Prionsabal Comhimeallach d'Iompraíocht Tomhaltóirí** agus ríomh áirgiúlacht imeallach an <u>naoú</u> cartán sú. (Taispeáin do chuid oibre.)

*(25)*

**[75 mharc]**

**2.** **(a)** *Creideann anailísithe Teileachumarsáide áirithe go bhfuil olagaplacht á stiúradh ag príomh-sholáthróirí na seirbhísí fón póca in Éirinn – Vodafone, O2, Meteor agus 3 – agus gur beag cúis atá acu le margadh fíor-iomaíoch a chruthú.* *(The Irish Times, Samhain, 2010)*

(i) Tabhair breac-chuntas ar **thrí** phríomhghné de mhargadh olagaplach.

Is féidir cuspóirí seachas uasmhéadú brabúis a bheith ag gnólachtaí a fheidhmíonn i margadh olagaplach.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chuspóir a d'fhéadfadh a bheith ag gnólachtaí in olagaplacht, seachas an leibhéal is airde brabús a bhaint amach. *(25)*

**(b)** Le cúnamh léaráide **amháin** a bhfuil lipéid shoiléire uirthi:

(i) Mínigh an cruth a bhíonn ar chuar an éilimh a bhfuil 'cor' ann agus a bhíonn ag gnólacht in olagaplacht.

(ii) Mínigh staid na cothromaíochta fadtréimhsí a bhíonn ag gnólacht den sórt seo.

*(25)*

**(c)** Deirtear gur fearr le tomhaltóirí go mbeadh iomaíocht faoi phraghsanna sa mhargadh, ach mar sin féin bíonn buntáistí ann do thomhaltóirí ag éirí as an iomaíocht neamhphraghais.

(i) Mínigh **dhá** chúis go mb'fhéidir gur fearr le tomhaltóirí iomaíocht faoi phraghsanna.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste do thomhaltóirí a bhaineann leis an iomaíocht neamhphraghais. *(25)*

**[75 mharc]**

**3.** **(a)** (i) Sainmhínigh an téarma Táirgiúlacht Imeallach Ioncaim (*MRP* i mBéarla) mar a bhaineann le toisc tháirgeachta.

(ii) Luaigh agus mínigh **dhá** thoisc atá in ann tionchar a imirt ar an Táirgiúlacht Imeallach Ioncaim.

(iii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dheacracht a d'fhéadfadh a theacht chun cinn le linn an Táirgiúlacht Imeallach Ioncaim a thomhas. *(25)*

**(b)** *'Le deich mbliana anuas tá an Infheistíocht Chaipitiúil tar éis dlús a chur leis an dul chun cinn eacnamaíoch in Éirinn; ba í ab údar na hacmhainne agus na scóipe chun fáis'.*

*(An Plean um Théarnamh Náisiúnta 2011 – 2014)*

(i) Luaigh agus mínigh **trí** chúis a bhfuil an infheistíocht tábhachtach do gheilleagar na hÉireann.

(ii) Déan cur síos ar **thrí** thoisc a imríonn tionchar i láthair na huaire ar an leibhéal infheistíochta a dhéantar i ngeilleagar na hÉireann. *(30)*

**(c)** Cuir comhairle ar an Aire Iompair faoi **dhá** bhuntáiste eacnamaíocha agus faoi **dhá** mhíbhuntáiste eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag baint le hairgead a infheistiú sa chóras iompair poiblí, in ionad airgead a infheistiú chun bóithre nua a thógáil. *(20)*

**[75 marc]**

**4.** Léirítear sa tábla thíos na costais tháirgeachta ghearrthréimhseacha ag gnólacht beag a tháirgeann agus a dhíolann troscán cistine.

| Líon na n-aonad aschuir | Costais Sheasta | Costais Athraitheacha | Costais Iomlána |
|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** |
| **1** | 400 | 600 | 1,000 |
| **2** | 400 | 1,200 | 1,600 |
| **3** | 400 | 1,850 | 2,250 |
| **4** | 400 | 2,900 | 3,300 |
| **5** | 400 | 4,100 | 4,500 |

**(a)** (i) Le cúnamh an eolais sa tábla thuas déan na nithe seo a leanas a ríomh:

- An **costas imeallach** a bhaineann leis an 4ú haonad a tháirgeadh.
- An **meánchostas** a bhaineann le 5 aonad a tháirgeadh.
- An **brabús** a shaothraíonn an gnólacht de bharr 5 aonad aschuir a dhíol ar €1,200 an t-aonad.
  (Taispeáin do chuid oibre.)

(ii) Le cúnamh an eolais sa tábla thuas, tarraing cuar an mheánchostais (MCh) ghearrthréimhsigh ag an ngnólacht. Mínigh na cúiseanna atá le cruth an chuair. *(30)*

**(b)** *'Tá an costas a bhaineann le gnó a dhéanamh in Éirinn ag titim. Mar sin féin, tá costais áirithe ag ardú i gcónaí nó fós réasúnta ard'.*

*(Tuarascáil ón gComhairle Náisiúnta Iomaíochais, 2010)*

(i) Déan plé ar na buntáistí eacnamaíocha do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le titim sna costais táirgeachta.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na srianta a d'fhéadfadh a bheith le fás gnólachtaí i ngeilleagar na hÉireann faoi láthair. *(30)*

**(c)** Meastar gur chosain doirteadh ola British Petroleum (BP) i Murascaill Mheicsiceo $40 bn san iomlán. Sainaithin **dhá** chostas a bheidh ar BP agus **dhá** chostas a bheidh ar an tsochaí mar gheall ar an doirteadh ola seo.

*(15)*

**[75 marc]**

**5.** **(a)** Ráiteas ar bheartas fioscach an Rialtais is ea an Cháinaisnéis. Sa Phlean um Théarnamh Náisiúnta 2011-2014 rinne an Rialtas gealltanas go laghdófaí Easnamh Ginearálta an Rialtais go dtí faoi bhun 3% den Olltáirgeacht Intíre (*GDP i mBéarla*) faoin mbliain 2014.

(i) Mínigh an téarma a bhfuil líne faoi.
(ii) Luaigh agus mínigh **ceithre** iarmhairt eacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann do gheilleagar na hÉireann mar gheall ar phlean an rialtais an t-easnamh a laghdú go suntasach le linn na gceithre bliana seo atá le teacht. *(30)*

**(b)** Tá sé molta gur cheart don Rialtas comhlachtaí stáit a phríobháidiú sna blianta beaga atá le teacht d'fhonn an Fiachas Náisiúnta a laghdú.

(i) Mínigh an téarma 'príobháidiú'.
(ii) Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** argóint eacnamaíochta i bhfabhar an phríobháidithe NÓ tabhair breac-chuntas ar **cheithre** argóint eacnamaíochta i gcoinne an phríobháidithe. (*25)*

**(c)** *'De réir staitisticí ón Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) tháinig fás 15.5% ar líon na bhfostaithe in earnáil phoiblí na hÉireann ón mbliain 2001 go dtí 2008'.*

*(Tuarascáil ar na Cúiseanna le Géarchéim Bhaincéireachta na hÉireann, 2010)*

Déan plé ar **cheithre** bheart a d'fhéadfadh an tAire Airgeadais a dhéanamh chun bille pá na hearnála poiblí a laghdú.

*(20)*

**[75 mharc]**

**6.** **(a)** Is gnách Airgead a shainmhíniú de réir na bhfeidhmeanna a chomhlíonann sé.

(i) Tabhair breac-chuntas ar **cheithre** fheidhm atá ag airgead.
(ii) Mínigh an téarma 'Beartas Airgeadaíochta'.
(iii) Mínigh an fheidhm atá ag banc ceannais mar 'iasachtóir na dála deiridh'.

*(35)*

**(b)** Creideann a lán daoine gurbh í an easpa maoirseachta ('an rialú laglámhach') a rinneadh ar institiúidí airgeadais in Éirinn ba chúis cuid mhór leis an ngéarchéim bhaincéireachta.

Déan plé ar na cúiseanna eacnamaíochta ar chóir rialú a dhéanamh ar bhainc thráchtála in Éirinn.

*(20)*

**(c)** Meastar go gcuirfidh an Banc Ceannais Eorpach (*ECB*) méadú ar rátaí úis le linn na tréimhse 2011/2012.
Mínigh na hiarmhairtí eacnamaíochta ar gheilleagar na hÉireann a thiocfadh le méadú ar na rátaí úis.

*(20)*

**[75 mharc]**

**7.** **(a)** (i) Sainmhínigh na téarmaí seo a leanas:

- An Olltáirgeacht Intíre ar Phraghsanna Reatha an Mhargaidh;
- An Olltáirgeacht Náisiúnta ar Thoisc-Chostas.

(ii) Mínigh **dhá** chúis a bhfuil an **Olltáirgeacht Intíre (*GDP*)** níos mó ná an **Olltáirgeacht Náisiúnta (*GNP*)** in Éirinn i láthair na huaire.

*(30)*

**(b)** (i) Mínigh cad atá i gceist leis an téarma 'an tIolraitheoir'.

(ii) Meastar gur mar seo atá i ngeilleagar na hÉireann:
MPT = 0.22, MPM = 0.30, MPS = 0.28.
Ríomh luach an Iolraitheora i ngeilleagar na hÉireann.

(iii) Tabhair breac-chuntas gearr ar conas a théann cánacha i bhfeidhm ar luach an Iolraitheora.

*(25)*

**(c)** *'Tá Rialtas na hÉireann ag tuar gur ráta fáis 1.75% a bheidh faoin ngeilleagar sa bhliain 2011'.*
*(An Plean um Théarnamh Náisiúnta 2011-2014)*

Déan plé ar na hiarmhairtí eacnamaíocha ar gheilleagar na hÉireann a bheadh ag baint le méadú ar ráta fáis an gheilleagair.

*(20)*

**[75 mharc]**

**8.** **(a)** Déan plé ar na slite a mbainfeadh an Rialtas agus an Lucht Gnó úsáid eacnamaíoch as sonraí Dhaonáireamh 2011.

*(20)*

**(b)** '*Tá an ghlan-imirce amach as Éirinn níos airde faoi láthair ná a bhí aon uair ó 1989 i leith'.*
*(An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2010)*
Déan plé ar na cúiseanna a bhfuil leibhéal ard glan-imirce amach as Éirinn faoi láthair.

*(25)*

**(c)** ' *I Nollaig na bliana 2010 bhí ráta dífhostaíochta 13.6 % in Éirinn.'*
*(An Phríomh-Oifig Staidrimh)*

(i) Déan plé ar **dhá** bheart eacnamaíocha a d'fhéadfadh an Rialtas a dhéanamh chun an leibhéal dífhostaíochta in Éirinn a laghdú.

Ag deireadh na bliana 2010, cheadaigh an tAontas Eorpach agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta €85bn de thacaíocht airgeadais d'Éirinn.

(ii) Déan plé ar na hiarmhairtí eacnamaíocha ar gheilleagar na hÉireann a bheidh ag an tacaíocht airgeadais seo.

*(30)*

**[75 mharc]**

***Ná dearmad an ceistpháipéar seo a thabhairt ar ais leis an/na (bh)freagarleabha(i)r a úsáideadh chun na ceisteanna i Roinn B a fhreagairt.***

**Leathanach Bán**